Athbhreithniú Airgeadais

“B’ionann an tIoncam agus an Brabús Iarchánach le haghaidh 2007 agus €3.6 billiún agus €432 milliún faoi seach, agus iad araon thuas ar an mbliain 2006 rud a léiríonn feidhmíocht láidir oibriúcháin le linn na bliana. Infheistíodh isteach is amach le €900 milliún i gcláir chaipitil agus den méid sin infheistíodh isteach is amach le €600 milliún i ngnó na nGréasán.”

Forléargas

Chonacthas feidhmíocht mhaith oibriúcháin sa bhliain 2007 le hIoncam agus Brabús iarchánach ag €3.6 billiún agus €432 milliún faoi seach agus é sin thuas ar 2006. Infheistíodh isteach is amach le €900 milliún i gcláir chaipitil agus den méid sin infheistíodh breis is €600 milliún i ngnó na nGréasán. Laghdaigh leibhéil fiachais faoi €163 milliún chuig €1,797 milliún agus bhí an clúdach úis giarála agus EBIT láidir ag 40% agus 5.0 n-uaire faoi seach. Bhí an Toradh ar an gCaipiteal a cuireadh i bhfeidhm ag 10% ag teacht lena rabhthas ag súil leis.

Ioncam

Tá Ioncam de €3,570 milliún, lena n-áirítear ioncam oibriúcháin, ardaithe €174 milliún i gcomparáid le 2006. Luaitear fás iomlán sa mhargadh, taraifí níos airde a bhí fritháirithe i bpáirt ag laghdú na luachálacha margaidh do liúntais astauithe $C0_2$ leis seo go príomha.

Brabús Oibriúcháin

Tá Brabús Oibriúcháin na bliana ardaithe go €523 milliún i gcomparáid leis an €337 milliún a bhí ann sa bhliain 2006. Léiríonn an toradh láidir seo ioncaim ardaithe, costais fuinnimh agus fostaithe níos isle seach-churtha brabúis laghdaithe ó dhiúscairtí réadmhaoine.

Sciar na mBrabús de Chomhfhiontar

Bhí bliain an-mhaith ag na Comhfhiontar le brabúis de €47 milliún, ardaithe €27 milliún i gcomparáid le 2006. Chuidigh briseadh éigeantach mór pleanáilte i stáisiún Synergen i 2006 móide infhaighteacht agus ioncaim breise i 2007 leis an toradh níos fhearr.

Cánachas

Is ionann an Muirear Cánach Grúpa do 2007 agus €48 milliún (2006: €41 milliún), rud a léiríonn ráta cánacha éifeachtach de 11.2% (2006:17%). Baineann an laghdú ar an ráta cánach éifeachtach go príomha le mír neamh-inasbhainte cánach i leith lagú sócmhainní a léiríodh mar mhuirear i 2006 agus a scaoileadh soláthairtí forchánach sa bhliain 2007.

Brabús Iarchánach

Tá brabús iarchánach de €432 milliún ann i gcomparáid leis an €223 milliún i 2006. Go príomha, léiríonn an toradh méadaithe an brabús oibriúcháin níos airde chomh maith le feabhas ar bhrabúis ó Chomhfhiontair a gcuirtear síos air thuas.

Deighilt Feidhmíochta

Is ionann an brabús iarchánach agus €232 milliún do Ghiniúint Chumhachta, €139 milliún do Ghréasáin, €13 milliún do Sholáthar agus €48 milliún do ghnóthais neamhrialaithe.

Tá brabúis Ghiniúint Chumhachta thuas €27 milliún ar 2006 go príomha toisc muirir phinsin agus úis a bheith thíos ar 2006. Tá buntáiste ó chostais breosla níos íosla i 2007 fritháirithe ag laghdú i sciar an mhargaidh.

Tá brabúis Ghréasáin, atá thuas €70 milliún ar 2006, de réir na spriocanna rialaitheacha le haghaidh 2007 agus léiríonn siad an toradh a bhfuil gá leis d’fhonn freastal ar an infheistíocht chaipitil shuntasach a rinneadh le blianta beaga anuas.

Léiríonn brabúis Soláthair tionchar, atá thuas €58 milliún, an saobhadh a d’eascair as an gcreat rialála. Go háirithe, bhí brabúis 2006 thíos €62 milliún toisc ró-aisghabháil i 2005 agus i mblianta roimh sin.

Tá Brabúis ar ghnóthais neamhrialaithe thuas ar 2006 ag €54 milliún agus léiríonn seo an feabhas ar an toradh ó stáisiúin ghinte chumhachta neamhspleácha sa bhliain 2007 agus é seo fritháirithe ag ioncam níos ísle ó dhiúscairtí maoine sa bhliain reatha.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

I measc na bPríomhtháscairí Feidhmíochta don bhliain tá:

	2007 €m	2006 €m	Athrú €m
Ioncam	**3,570**	3,396	174
Brabús Oibriúcháin	**523**	337	186
Brabús Iarchánach	**432**	223	209
Caiteachas Caipitil	**903**	831	72
Glanfhiachas	**1,797**	1,960	(163)
Clúdach úis EBIT (faoi)	**5.0**	3.7	1.3
Giaráil %	**39.5**	46.9	(7.4)
ROCE %	**10**	6.4	3.6

Caiteachas Caipitil

Infheistíodh €903 milliún i gcláir chaipitil sa bhliain 2007. Caitheadh breis is €600 milliún ar Bhonneagar Leithdháilte agus Tarchuir amháin, rud a d'fhág gur infheistíodh breis is €4.3 billiún sa réimse seo ó 2001. Infheistíodh €122 milliún breise laistigh de Ghiniúint Chumhachta ar Thionscadal Iarfheistithe Comhshaoil i Stáisiún Ghob na Muine. De bharr an tionscadail seo, ar chostas iomlán de €368 milliún laghdófar go suntasach na hastuithe SO_x agus NO_x ón stáisiún don chéad deich mbliana eile, agus tá sé beartaithe an tionscadal seo a bheith i gcrích sa bhliain 2008.

Glanfhiachas agus Giaráil

Tá glanfhiachas de €1,797 milliún íslithe €163 milliún i gcomparáid le 2006. Bhí iarmhéid airgid tirim €89 milliún ann le linn na bliana agus d'fhritháirigh an t-airgead tirim, agus sháraigh sé fiú, an maoiniú le haghaidh chlár caipitil 2007 agus riachtanais mhaoiniúcháin eile. Aisíocadh fiachas agus léasanna airgeadais €73 milliún as barrachas airgid. Laghdaigh an athluacháil fiachais, ag rátaí malairte eachtraí dheireadh bliana mar atá riachtanach faoi CCI 39, an t-iarmhéid fiachais faoi €74 milliún toisc titim i luach dollar SAM i gcoinne an Euro. Bhí giaráil ag 40% ag deireadh na bliana agus bhí 70% den phunann fiachais ag rátaí úis seasta. Ba é 4.9% an meánráta cúpóin.

Sochair na bhFostaithe

D'fhonn AE CTAI a chomhlíonadh, bhí cuid de ghlansócmhainní agus de ghlandliteanais scéim phinsin shainithe BSL, ríofa de réir CCI 19, curtha san áireamh sa chlár comhardaithe faoi dhliteanais fostaí-bhainteacha. Agus cuntas á thabhairt don easnamh pinsin bhain BSL leas as an iarratas maidir le breathnú siar go siarghabhálach atá ceadaithe faoi CTAI 1 agus as an rogha an chuid neamhaitheanta den easnamh pinsin a chur siar thar saolta seirbhíse amach anseo. Ba iad €326 milliún agus €1 bhilliún a bhí sa dliteanas pinsin aitheanta agus neamhaitheanta faoi seach ag deireadh 2007.

Maidir le tuairisciú airgeadais faoi AE CTAI, breithníodh na costais dliteanais agus pinsin iomlána agus na dliteanais iomchuí a bhíonn le taifeadadh sna ráitis airgeadais á gcinneadh, d'ainneoin nach gnáthscéim sochair shainithe a bhaineann le hiarmhéid costais í an scéim seo, ina mbeadh an fostóir faoi dhliteanas íoc as fuílleach na ranníocaíochtaí a theastódh chun na sochair a mhaoiniú.

Rialáil

Is é an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CRF) a dhéanann rialáil ar thuairim is 73% d'ioncam BSL anois. Leagann an CRF amach taraifí leictreachais roimh an mbliain ábhartha, bunaithe ar réamhfhaisnéis maidir le héileamh custaiméara agus costais iomchuí araon. Mar is amhlaidh le réamhfhaisnéis ar bith, bíonn difríocht ann beagnach i gcónaí idir sin agus fíorthoradh na bliana, as a leanann tearc-aisghabháil ioncaim nó ró-aisghabháil ioncaim ag BSL.

ESBI san Aifric Theas.

Déanann an CRF coigeartú ar aon tearc-aisghabháil nó ró-aisghabháil ioncaim ceadaithe maidir leis na cinntí praghais a leagan amach do bhlianta ina dhiaidh sin.

Chomh maith leis sin, is féidir sainchostais a léirítear sa ráiteas ioncaim a aisghabháil sa taraif i dtréimhsí cuntasaíochta éagsúla nó thar roinnt tréimhsí cuntasaíochta.

Féadfaidh éagsúlachtaí ábhartha sna brabúis bhliantúla a thuileann na gnóthaí rialaithe aonair leanúint as difríochtaí uainiúcháin den sórt sin agus féadfaidh siad a bheith ina gcúis le saobhadh maidir le hathbreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na bhliana ar bhliain ghnóthas rialaithe BSL. Mar thoradh ar dhifríochtaí uainiúcháin i rith na bliana tá ardú €49 milliún tagtha ar an toradh go príomha toisc gur laghdaíodh taraif 2006 do Sholáthar toisc ró-aisghabháil i mblianta roimhe sin.

Sular cuireadh tús leis an Margadh Aonair Leictreachais (SEM) ar an 1 Samhain d'aontaigh an CFR na hioncaim arna cheadú ag Giniúintí Cumhachta bunaithe ar chostais mheasta agus éileamh measta le tearc-aisghabháil agus ró-aisghabháil coigeartaithe i mblianta ina dhiaidh sin de réir mar atá sonraithe thuas. Sa tréimhse i ndiaidh SEM déanfar praghas mórdhíola leictreachais a thiomáint trí mheán an mhargaidh agus díolfar an leictreachas uile a ghinfear isteach i gcomh-mhargadh a ndéanfaidh an CRF agus Rialtóir Fóntais Thuaisceart Éireann maoirseacht air. Glacfaidh Giniúint Chumhachta BSL páirt sa mhargadh leictreachais cosúil le gineadóirí eile agus mar thoradh air sin beidh saobhadh na dtorthaí Giniúna Cumhachta a tharlaíonn mar thoradh ar ró-aisghabháil/tearc-aisghabháil teoranta.

Bainistiú Riosca Airgeadais

Creat d'Oibríochtaí Cistíochta agus Trádála

Baineann na príomhrioscaí airgeadais atá os comhair an Ghrúpa le malairt eachtrach, ráta úis, riosca oibriúcháin agus gluaiseacht praghsanna tráchtearraí (leictreachas agus breosla).

Déanann an Bord athbhreithniú, athchóiriú agus ceadú rialta ar pholasaithe, de réir mar is cuí, chun an Grúpa a chosaint ó na rioscaí sin, agus ó réimsí riosca eile, mar riosca leachtachta agus riosca creidmheasa contrapháirtí. Is í Cistíocht an Ghrúpa atá freagrach as gníomhaíochtaí cistíochta an Ghrúpa ó lá go lá.

Coimeádtar Coiste Airgeadais an Bhoird cothrom le dáta maidir le príomhchúrsaí cistíochta agus cuirtear tuarascáil bhliantúil a chuimsíonn an ghníomhaíocht cistíochta faoi bhráid an Choiste lena hathbhreithniú chomh maith. Is é an t-aonad gnó iomchuí (Giniúint Chumhachta, Soláthar Custaiméirí agus ESBI) a bhainistíonn an riosca praghais tráchtearra i gcomhthéacs creata bainistithe riosca an Ghrúpa foriomlán. Déanann Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa athbhreithniú rialta ar na gníomhaíochtaí sin. Toisc theacht i bhfeidhm an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEM) tá athrú tagtha ar na rioscaí a chruthaíonn gluaiseachtaí praghais leictreachais agus breosla. Mar thoradh air sin, tá feidhm Bhainistiú Riosca Trádála Grúpa nua curtha ar bun ag an nGrúpa a chinnteoidh go ndéanfar rioscaí margaidh, creidmheasa agus oibríochtúla an Ghrúpa a bhainistiú ar shlí a chosnóidh an chuideachta in aghaidh caillteanais, fad a thabharfar aird ar na hoibleagáidí imfhálaithe atá ar bun idir na haonaid gnó.

Úsáidtear díorthaigh chun rioscaí airgeadais a mhaolú agus déantar iad a fhorghníomhú agus Sonraíocht an Aire Airgeadais a eisíodh faoi choimirce an "Achta um Bearta Airgeadais Chuideachtaí Áirithe agus Chomhlachtaí Eile 1992" á chomhlíonadh. Ní bhíonn díorthaigh á gcoinneáil ag an nGrúpa chun críocha amhantracha. Úsáidtear cuntasaíocht fálaithe de chun CCI 39 go príomha le haghaidh fálta dhliteanais airgeadra eachtraigh, rioscaí rátaí úis ó dhliteanais neamhreatha agus clúdóidh sí fálta tráchtearra agus malairte eachtraí a eascraíonn ón SEM amach anseo.

Stáisiún Chumhachta ESB International i Amorebieta sa Spáinne.

> Leanfaidh BSL ag giniúint sreafa airgid a chothú, maille le cóimheasa chlúdach úis agus giarála fad a mhaoineofar infheistíochtaí maoiniúcháin agus caipitil.

Bainistiú Malairte Eachtraí agus Bainistiú Ráta Úis

Déantar an chuid is mó de ghnó an Ghrúpa in Éirinn nó san Eoraip. Ainmnítear sreabhadh airgid oibriúcháin agus infheistíocht in Euro, go príomha. Eascraíonn nochtadh do riosca maidir le hairgeadra eachtrach as breosla agus ábhair nó seirbhísí eile a cheannach, as fiachas in ainmníocht airgeadra eachtraigh agus as gnó a dhéantar lasmuigh de chrios an Euro.

Go dtí 31 Deireadh Fómhair 2007, rinne an Grúpa bainistíocht ar an gcuid is mó den nochtadh do riosca malairte eachtraí a bhaineann le breosla in aghaidh meicníocht aisghabhála phraghas breosla, bunaithe ar innéacsú, a aontaíodh leis an CRF agus a cheadaigh an Bord sa bhliain 2002. Le tús an SEM an 1 Samhain 2007 d'athraigh straitéis fálaithe an Ghrúpa maidir le nochtadh airgeadra a bhaineann le breosla agus déanann an Grúpa bainistiú ar fhormhór na nochtaí seo ag baint úsáide as díorthaigh airgeadra amhail conarthaí agus roghanna réamhcheannacháin. Déantar fálú de réir mar is cuí ar nochtadh malairte eachtraí eile.

Tá de pholasaí ag an nGrúpa iasachtaí a thógáil in ainmníocht an Euro go díreach nó aon iasacht in airgeadra eachtrach a aistriú go Euro trí ionstraimí díorthaigh a úsáid. Bíonn cásanna áirithe ann ina gcuirtear a mhacasamhail de shócmhainn nó de ghlansreabhadh ioncaim in ainmníocht airgeadra eachtraigh in aghaidh fiachais in ainmníocht airgeadra eachtraigh. Ag deireadh 2007, bhí 91% d'fhiachas BSL arna ainmniú le héifeacht in Euro. Tá de pholasaí ag an nGrúpa freisin 50% den phunann fiachais a bheith ag rátaí seasta úis, faoi réir ag costas agus a dtuartar maidir leis an margadh. Ag deireadh na bliana bhí 70% den phunann fiachais ag rátaí socraithe úis.

Bainistiú Maoinithe agus Leachtachta

Díríonn straitéis bhainistiú fiachais an Ghrúpa ar phróifíl phunann fiachais ina bhfuil meascán éagsúil de chontrapháirtithe, foinsí maoinithe agus aibíochtaí. Úsáidtear maoiniú struchtúrtha neamhiontaofa agus iontaofa go teoranta nuair is cuí sin, agus cuntas á thabhairt don chomhoiriúnacht idir costais mhaoiniúcháin agus maolú riosca. Comhlíonann na saoráidí iasachta go léir na hAchtanna Leictreachais agus na riachtanais rialála iomchuí agus cothaíonn Cistíocht an Ghrúpa éagsúlacht i mbonn iasachtóra BSL d'fhonn leathadh straitéiseach riosca a bhaint amach.

Tá saoráidí iasachta leordhóthanacha ar bun ag BSL lena chinntiú gur féidir éilimh leachtachta a chomhlíonadh de réir mar a theastaíonn sin. Ag deireadh na bliana bhí breis is €550 milliún ar fáil i saoráidí neamhtharraingte geallta corparáideacha. Tá de pholasaí ag an nGrúpa a laghad airgid tirim agus is gá a choimeád ar láimh, ach amháin i gcásanna áirithe nuair a thugann coinníollacha fabhracha margaidh údar réamh-mhaoiniú a dhéanamh. I gcásanna den sórt sin, déanann an Grúpa a chuid airgid tirim breise a infheistiú in ionstraimí díorthaigh nach mbíonn mórán riosca ag baint leo.

I bhfianaise an chláir infheistíochta caipitil suntasach atá beartaithe don tréimhse amach anseo beidh gá le saoráidí maoine fadtéarmacha sa todhchaí. Déanann an Ghrúpa measúnú leanúnach ar infhaighteacht maoine sna margaí bainc agus caipitil agus tá deiseanna maoinithe a fháil sna réimsí seo infhaighte.

Riosca Creidmheasa Contrapháirtí

Baineann nochtadh do riosca creidmheasa leis an nGrúpa ó na contrapháirtithe lena gcoimeádann sé a chuntais bhainc agus lena ndéanann sé idirbheartaíocht sna margaí airgeadais. Tá de pholasaí ag an nGrúpa srian a chur leis an nochtadh don riosca i gcás gach forais airgeadais ar leith bunaithe ar an rátáil chreidmheasa a nglacfar leis. Bíonn an nochtadh agus na teorainneacha a bhaineann leis faoi athbhreithniú agus faoi mhonatóireacht leanúnach. Déantar rialú ar bhearta déileála trí shainorduithe diana déileála a shocrú leis na contrapháirithe.

Chomh maith leis sin, tá rioscaí ann do BSL ó chontrapháirithe tráchtearraí. Déantar iad seo a bhainistiú de réir na sonraíochtaí a leagan an tAire Airgeadais amach. Déantar monatóireacht ar nochtadh creidmheasa, ar nochtadh féideartha agus ar riachtanais chomhthaobhachta ar bhonn leanúnach agus tuairiscítear orthu.

Ionchas Amach Anseo

Sa Chreat Straitéiseach go 2020 a d'fhógair BSL le déanaí tá clár gan fasach infheistíochta caipitil de €22 billiún agus breis is leath den chaiteachas dírithe ar infheistíocht i dtionscadail in-athnuaite. Beidh sé gátarach disciplíní láidre airgeadais a chothabháil don timpeallacht seo. I measc na bPríomhthosaíochtaí Airgeadais don ghrúpa amach anseo tá siad seo a leanas:

- Giniúint sreafa airgid a chothú, maille le cóimheasa chlúdach úis agus giarála fad a mhaoineofar infheistíochtaí maoiniúcháin agus caipitil.
- Leanúint leis na cláir chun feabhas a chur ar fheidhmíocht d'fhonn fás a chothú sa luach Scairshealbhóra.
- Bainistiú ar na rioscaí trádála a eascraíonn as an Margadh Aonair Leictreachais fad a thabharfar aird ar na hoibleagáidí imfhálaithe atá ar bun idir na haonaid ghnó.
- An Gnó Gréasáin a fheidhmiú go sásúil de réir an chreat rialaithigh a aontaíodh.
- Leanúint le bainistiú rathúil a dhéanamh ar na cláir chaiteachais chaipitil mhóra.
- Bainistíocht breosla éifeachtach chun an luaineacht i bpraghsanna margaidh a mhaolú le haghaidh ola agus gáis.